C/2026/2950

27.5.2026

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.12426 — ONE ROCK CAPITAL PARTNERS / EAT HAPPY / HANA GROUP)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2026/2950)

1. An 21 Bealtaine 2026 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— One Rock Capital Partners, LLC (na Stáit Aontaithe, 'ORCP'),

— FCF Holding GmbH (an Ghearmáin, 'Eat Happy Group'), faoi rialú CFS Consultancy GmbH (an Ghearmáin),

— Hazel ParentCo SAS agus Hazel ManCo SAS (an Fhrainc, 'Hana Group'), faoi rialú Permira Advisers LLP (an Ríocht Aontaithe).

Gheobhaidh ORCP rialú aonair, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar Eat Happy Group agus Hana Group ina n-iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is gnólacht infheistíochta cothromais phríobháidigh é OPCR a dhíríonn ar thionscail éagsúla, lena n-áirítear an tionscal ceimiceáin agus an tionscal próiseála, monaraíocht speisialtachta agus cúram sláinte, monarú agus dáileadh bia, agus seirbhísí gnó agus comhshaoil, go príomha i Stáit Aontaithe Mheiriceá agus san Eoraip,

— Cuireann Eat Happy Group seirbhísí bia lamháltais ar fáil do mhiondíoltóirí agus béilí réidh le hithe do chustaiméirí deiridh, go príomha san Ostair agus sa Ghearmáin,

— Cuireann Hana Group seirbhísí bia lamháltais ar fáil do mhiondíoltóirí agus béilí réidh le hithe do thomhaltóirí deiridh, go príomha sa Fhrainc, sa Bheilg agus sa Spáinn.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

4. De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

5. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an gcomhchruinniú atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.12426 — ONE ROCK CAPITAL PARTNERS / EAT HAPPY / HANA GROUP

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË